



Gaelscoil Thulach na nÓg,
Bóthar Rúisc,
Dún Búinne,
Co. na Mí

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta-Ráiteas Polasaí.

Ár bhfealsúnacht scoile:

Tá Gaelscoil Thulach na nÓg suite ar leataobh ó Bhóthar na hUaimhe i nDún Búinne. Oiltear na páistí sa scoil seo trí mheán na Gaeilge agus táimid ag súil go rachaidh an cultúr Gaelach chun sochair do fhéinmhuinín, do fhéinionannú agus do fhéinmheas na bpáistí. Is scoil Idirchreidmheach í a fheidhmeoidh faoi sainmheon cothrom Caitliceach agus Protasúnach ag aithint an chúlra sainiúil a ghabhann leo agus a ndearcadh sainchreidmheach i saol na hÉireann.

Tá sé mar aidhm ag an scoil cur ar chumas gach páiste a chumas iomlán a shroichint go fisiciúil, go hacadúil, go mothúchánach, go cultúrtha, go sapioradálta i dtimpeallacht shona shlán agus go mbraithfidh gach uile pháiste slán, sábhailte agus muiníneach agus go mbeidh meas cuí ar dháin agus ar shaoirse an pháiste. Mar scoil tugaimid aitheantas agus tacaíocht do ról na dtuismitheoirí, ról na bpaistí, ról na foirne, ról an Bhoird Bainistíochta, ról eaglaisí agus cuairteoirí, in ár saothar.

Sainmhíniú Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta.

Tá sé mar chuspóir ag O.C.G cuidiú le páistí sa bhaile agus ar scoil maidir lena bhforbairt féin agus faoina gcairdeas agus a gcaidreamh le daoine eile. Bunófar an obair seo ar fhéiniomhá dearfach a fhorbairt, ag cothú meas orthu féin agus ar dhaoine eile trí eolas cuí a sholáthar dóibh.

Tá sé mar aidhm ag O.C.G. deiseanna a thabhairt do pháistí agus do dhaoine óga foghlaim faoi chaidrimh agus faoi chollaíocht a chuirfidh ar a gcumas smaoineamh agus gníomhú go morálta, go carthannach agus go freagrach.

Is próiseas fada áit i gceist, agus mar chuid den phróiseas seo is gá eolas a fháil agus a thuiscint, dearcaidh, tuairimí agus luachanna a fhorbairt faoi ionannú gnéasachta, faoi chaidrimh agus faoi dhlúthchaidreamh.

An gaol idir O.C.G. agus O.S.P.S

I suíomh na Gaelscoile, beidh O.C.G. mar pháirt de chlár níos leithne in Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte. Cabhraíonn O.S.P.S. le forbairt obair na scoile chun sláinte agus folláine leanaí agus daoine óga a chothú. Tarlaíonn sé seo i gcomhthéacs a bhfás mórálta, sóisialta, agus spioradálta, chomh maith lena bhforbairt intleachtúil, fisiciúil, polaitiúil, creidimh agus cruthaitheach.

Cuimseoidh clár O.S.P.S ábhair mar bhia sláintiúil, alcól, drugaí, saincheisteanna imshaoil, sábháilteacht, freagracht shóisialta chomh maith le O.C.G.

Céard atá ar fáil dá scoil faoi láthair.

Gaelscoil Thulach na nÓg

G:01-8252858

F:01-8013128

W:www.dunboynegaelscoil.ie

E:tulach@eircom.net

Faoi láthair pléitear go foirmiúil le gnéithe an O.S.P.S/O.C.G sa chlár bí slán, sa chlár creidimh i ndaoneolas agus eolas imshaoil, sa chlár corpoideachais agus sna chláracha faoi oideachas sláinte.

‘S é an sprioc atá ag Gaelscoil Thulach na nÓg ná gach iarracht a dhéanamh féinmheas agus feinmhuinín na bpáistí a chothú. Cuirtear curaclam an-leathan ós a gcómhair ar scoil a thugann deiseanna do ghach páiste dul chun cinn a dhéanamh agus meas na bpáistí eile a tharraingt air/uirthi féin trí pháirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí seo a leanas, corp oideachas, ceol, comhairle na scoile, bronntaí seachtainúla na scoile, cuairteanna ar an leabharlann, gníomhaíochtaí a eagraíonn na ranganna sinsearach ag lóin, snámh, comórtais ealaíne, ceolchoirmeacha agus seirbhísí.

Tugtar deiseanna do na scoláirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí iar scoile freisin, mar shampla urlabhraíocht agus drámaíocht. Feadó g stáin, peil, ranganna fraicínise, rince Gaelach.....7rl

Casfaidh na páistí go rialta ar dhaoine a thabharfaidh gníomhaíochtaí éagsúla chun na scoile. Seo a leanas cuid de na gníomhaíochtaí a tharla anuraidh, taispéantas ealaíne, bus feirme, Ceathairéad sreanga clasaiceach Graffiti, grúpa drámaíochta, monarcha Coca Cola, Turais Scoile, Traenáil sábháilteachta rothaíochta.....7rl

I rith na bliana, cuirtear páistí speisialta in aithne do pháistí na scoile. I mbliana i ndiaidh ceolchoirm/sheirbhís na Nollag le h’ospidéal Naomh Iosaef(Cluain saileach) tugadh cuireadh do pháistí agus do na hothair teacht chun na scoile le haghaidh cupán tae agus cáca. Bailíodh airgead freisin chun gabhar a cheannach do chlann san Aifric agus do M.S.

Tugtar cabhair bhreise do pháistí le riachtanais speisialta más gá . Is féidir le múinteoirí acmhainne i gcomhpháirt leis na hoidí ranga an chabhair bhreise seo a chur ar fáil. Comhoibreoidh an scoil le B.S.O.T. agus eagrófar scrúduithe nó comhairle do pháistí le fadhbanna acadúla, fadhbanna mothú nó fadhbanna iompair.

Cothófar leochaileacht do cheart agus do mhothúcháin daoine eile de shíor. Tugann gníomhgrúpaí na naíonán, grúpaí gníomhaíochta na gláracha creidimh, am ciorcail agus tionscnaimh sna ranganna sinsearach an deis do pháistí roinnt agus comhoibriú lena chéile agus le daoine fásta ón bpobal is leithne.

Aidhmeanna O.C.G.

- 1) cur le fóras pearsanta, féinmheas agus folláine an pháiste.
- 2) Cabhrú leis an bpáiste cairdeas agus caidrimh fholláine a fhorbairt.
- 3) Tuiscint a chothú agus dearcadh folláin faoi ghnéasacht agus chaidrimh an duine laistigh de chreat morálta, spioradálta agus sóisialta.
- 4) Cur ar chumas an pháiste grá comhriachtain agus atáirgeadh a thuiscint agus meas a chothú orthu freisin.
- 5) Mothú iontais agus uamhain a fhorbairt agus a chothú sa pháiste i leith an phróisis a bhaineann le breith agus le beatha nua.
- 6) Cur ar chumas an pháiste a bheith compórdach lena g(n)néasacht féin agus le gnéasacht daoine eile fad’ s atá sé/sí ag fás agus ag forbairt.
- 7) Cur ar chumas an pháiste gach iarracht a dhéanamh míúsáid agus dúshaothrú gnéasachta a sheachaint.

Treoirlínte do bhainistíocht agus d'eagrú O.C.G. sa scoil seo.

Múinfear ár gclár O.C.G. i dtréimhsí a bheidh leagtha amach ar am chlár thar tréimhse dhá bhliain, Múinfear an-chuid gnéithe agus aidhmeanna O.C.G. i ngnáth atmaisféar agus i ngnáth imeachtaí an tseomra rang agus na scoile. Déanfar athdhaingniú orthu sa chaoi seo freisin.

Aithníonn G.T. na nÓg an tábhacht a bhaineann le hatmaisféar an bhaile agus atmaisféar na scoile a bheith fite fuaith lena chéile. Beidh forbairt agus cothú timpeallacht tacúil ar scoil agus sa bhaile, maidir le comhoibriú agus dearcadh dearfach thuistí agus ó mhúinteoirí lárnach maidir le dul chun cinn an chláir seo.

Is tábhachtach go mbeidh buachailli agus cailíní ar an eolas faoin bhfás agus faoin bhforbairt a thagann ar fhireann agus ar bhaineann agus go mbeidh tuiscint acu ar an ábhar seo freisin. Cuirfidh clár éifeachtach O.C.G. comhmheas idir bhuachaillí agus chailíní chun cinn maidir le leoschaileacht d,athraithe a thiofadh orthu le haois.

Beidh cur chun cinn cothromaíocht inscne lárnach sa chlár O.C.G. agus beidh deis ag na páistí ról na mban agus ról na bhfear, a scrúdú. Gheobhaidh siad tuiscint ar steircaphláacht agus beidh seans acu prionsabail cothromaíocht inscne a scrúdú freisin.

I rang a cúig tabharfar eolas faoi fhás agus faoi fheidhmeanna an choirp a bheidh riachanach do thuiscint agus déileáil le haoirbheart agus tabharfar eolas faoi chomriachtain agus faoi ghiniúint fresin. Déanfar cinneadh ag tús na scoil bhliana (Meánfómhair 2004) faoi aoíchainteoirí

Tar éis dianscrúdú a dhéanamh ar threoirinteach curaclam an N C C A agus glacadh leo, aithnímid cearta na tuismitheoirí a bpáistí a tharraingt amach as ranganna fáoi leith faoi ábhar leochaileach. Tuigtear an tábhacht a bhaineann le príobháideachas an pháiste. Cuirfear clár O.C.G. ar fáil sa bhunscoil ó Naíonáin go Rang a 6 . Is curaclam fiarach an clár dhábhliain atá, i gceist, mar sin fillfidh sé agus déanfar forbairt ar ábhair éagsúla arís is arís eile.

Ó tharla gurb í seo an chead bhliain (2004) a bhfuil clár OCG á mhúineadh I na G.T. na nÓg agus toisc go bhfuil ranganna meascaithe i gceist múinfear an clár atá oiriúnach don rang is óige sa seomra. Mar shampla , agus rang a dó agus rang a trí sa seomra céanna, múinfear an clár do rang a dó don dá rang.

Ar leibhéal praiticiúil, deanfaidh Príomhoide na scoile na socruithe maidir le múineadh an chláir agus le forbairt na fóirne.

Modheolaíocht

Beidh an modheolaíocht don O.C.G. páiste lárnach agus in oiriúnt d'aois agus do leibhéal forbartha an pháiste le linn eagrú timpeallacht na foghlamtha Cruthóidh an múinteoir atmaisféar sa seomra ranga le meas ar phríobháideachas an pháiste aonair agus a chaithfidh go leochaileach agus go haireach le gach scoláire.

Ag aithint go bhfuil difríochtaí aonair aibíochta i rang , bainfear leas as na stráitéis seo a leanas chun ceisteanna nach bhfuil ullmhaithe ag an múinteoir a fhreagairt.

1. Míneoidh an múinteoir go bhfuil méid eolais a tugadh ar chlár na bliana sin agus go dtabharfar a thuilleadh eolais i gclár na bliana ina dhiaidh sin.
2. Más ceist fhíorasach i atá i gclár na bliana mar a aontaíodh don aois ghrúpa sin, freagróidh an múinteoir í.

3. Má bhraithear gur fíorcheist i ,dfhéadfadh an múinteoir comhairle a chur ar an bpáiste an cheist a chur sa bhaile nó cead a lorg ón bpáiste dul i dteagmháil lena t(h)uismitheoirí/ c(h)aomhóirí ionas go bhféadhfaidís déileáil léi.

Cur Chuige Molta Múinteoireachta

San áireamh sna cur chuige molta múinteoireachta ag brath ar aois na bpáistí tá;

1. Scéalta agus dánta
2. Plé ranga
3. Obair ghrúpa
4. Cluichí
5. Gníomhachtaí ealaíne
6. Am ciúin
7. Cuairteoir chuig an seomra
8. Fístéip
9. Dráma oideachais
10. Amhrán ranga
11. Díospoireacht.

Ábhair O.C.G.

Thacaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le háiseanna teagaisc do mhúinteoirí tríd an gclár O.C.G. ar chur ar fáil sa seomra ranga. Aithríonn na háiseanna teagaisc go bhfuil an phríomhfhreagracht O.C.G. a chur ar a bpáistí ar na tuismitheoirí féin, agus tugann na háiseanna seo cabhair do mhúinteoirí ina ról moltach agus tacaíochta.

Tá fáilte roimh tuismitheoirí chun sracfhéachairt a thabhairt ar ábhair teagaisc an ranga agus is féidir dul i dteagmháil le Príomhoide na scoile chun é seo a dhéanamh.

Tá leathnaigh sa bhaile-ar scoil bunaithe ar gach ábhar agus tugann na leathanaigh seo eolas ar roinnt ábhair ó na ceachtanna ranga. Ní leathanaigh “obair bhaile” iad le tabhairt ar ais chun na scoil. Táid ann chun léargas a thabhairt ar roinnt den ábhar atá á dhéanamh ar scoil agus le tacú le hobair na dtuistí lena bpáistí sa bhaile. Nuair a thuigeann tú mar tuismitheoir a bhfuil á fhoghlaim ag do pháiste trí O.C.G. ar scoil, d’fhéadfá leas a bhaint as deiseanna ó lá go lá chun na hábhair chéanna a phlé sa bhaile mar a ardaítear iad.

D’fhéadfadh na moltaí thíosluaite cabhrú le tuismitheoirí/caomhnóirí.

Chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta leabhrán O.C.G. do tuismitheoirí “Going forward together” ar faoi. Tugtar eolas faoi O.C.G. sa leabhrán agus freagraítear an-chuid ceisteanna a chuireann tuismitheoirí/caomhnóirí faoin gclár. Tá cóipeanna den leabhrán ar fáil ón scoil.

.Faigheann tuismitheoirí agus páistí an-sásamh as éisteacht na dtuistí lena bpáistí faoin a bhfuil ag tarlú ina saolta ligeann páistí agus tuismitheoirí a scíth ag am codlata, um thráthanóna nó ag an deireadh seachtaine tugann am agus thugtar ag taisteal nó ag obair le chéile timpeall an tí deis don tuismitheoir/chaomhnóir agus don pháiste labhairt lena chéile agus dea chumarsáid a thógáil

.Bíonn a scéal speisialta aonair fein ag chuile pháiste, má tá conaí orthu i gclann, le tuismitheoir aonair no in aonad clainne eile. Is gá go mbeidh eolas ag gach páiste faoina scéal aonair fein agus é a cheiliúradh. Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí deiseanna a shólathar chuige seo ag aos an-óg.

Gaelscoil Thulach na nÓg

G:01-8252858

F:01-8013128

W:www.dunboynegaelscoil.ie

E:tulach@eircom.net

Faoin am a shroicheann páistí rang a cúig nó rang a sé beidh bealaí cumarsáide déanta ag tuismitheoirí leo, bealaí cumarsáide nach raibh oiriúnach b'fheidir nuair a bhí siad níos óige. Nuair a shroicheann páistí ógántacht bíonn suim acu i ngach gné d'fhás suas. Uaireanta bíonn sé dian ar thuismitheoirí labhairt leo faoi ábhair a bhaineann le hoirbheart. D'fhéadfadh clár teilifíse nó fógra comhrá a chur ar bun.

Tacaíocht, Forbairt agus Athbhreithniú.

Cinntoidh an scoil na háiseanna is oiriúnaí do chur i bhfeidhim an chláir a chur ar fáil. Déanfaidh an scoil gach iarracht tacú le forbairt ghairmúil na múinteoirí maidir le O.C.G. agus tacú le tuismitheoirí atá ar an mbord nó ar an gCoiste O.C.G. Déanfar athbhreithniú ar an bpáistí seo go bliantiúil. Is feidir athruithe moltaí ó na tuismitheoirí a chur isteach sa triú téarma agus pléitear iad ag an athbhreithniú bliantiúil.

Ba cheart do gach páirtí glacadh leis an dréacht pholasaí seo i bpróiseas comhairleach sula nglacfaidh G.T. na nÓg leis mar ráiteas polasaí.